dhéanamh ar rátáil chreidmheasa atá eisithe cheana féin. Freisin, tógann sé lear mór ama agus acmhainní a bheith bunaithe mar ghníomhaireacht rátála creidmheasa, cibé acu mar ghníomhairí sainréimse nó mar ghníomhairí a chumhdaíonn na haicmí sócmhainne go léir. Thairis sin, d'fhéadfadh uainíocht leantach gníomhaireachtaí rátála creidmheasa tionchar suntasach a bheith aici ar cháilíocht agus ar leanúnachas rátálacha creidmheasa. Chomh tábhachtach céanna, ba cheart sásra uainíochta a chur chun feidhme le cosaintí leordhóthanacha chun go mbeidh an margadh in ann oiriúnú de réir a chéile roimh feabhas a chur ar an sásra amach anseo, más féidir. D'fhéadfaí an méid sin a bhaint amach trí raon feidhme an tsásra a theorannú go hath-urrúsúcháin, ar foinse theoranta é de chistiú bainc, fad is go bhféadfaí fós faireachán a dhéanamh ar rátálacha creidmheasa atá eisithe cheana féin arna iarraidh sin fiú nuair a bheidh an uainíocht éigeantach. Mar sin, mar riail ghinearálta, ní cheart go ndéanfadh uainíocht difear ach amháin d'ath-urrúsúcháin nua a bhfuil bunsócmhainní acu ón tionscnóir céanna. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chibé an bhfuil sé iomchuí sásra uainíochta teoranta a choimeád nó é a chur i bhfeidhm ar aicmí eile sócmhainne agus más amhlaidh atá, i dtaobh an éilítear cóireáil éagsúil i leith aicmí eile, mar shampla, uasfhad an chaidrimh chonarthaigh. Má tá an sásra uainíochta bunaithe d'aicmí eile sócmhainne, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar chibé an gá oibleagáid a thabhairt isteach don ghníomhaireacht rátála creidmheasa chun sraith faisnéise a sholáthar, ag deireadh uastréimhse an chaidrimh chonarthaigh, maidir leis an eisitheoir agus maidir leis na hionstraimí rátáilte (an comhad aistrithe), don ghníomhaireacht rátála creidmheasa atá ag teacht isteach.

(14) Is iomchuí uainíocht a thabhairt isteach sa mhargadh rátála creidmheasa le haghaidh ath-urrúsúchán. Ar an gcéad dul síos, is é sin an deighleog mhargaidh den mhargadh Eorpach le haghaidh urrúsúchán lenar ghabh tearcfheidhmíocht ó tharla an ghéarchéim airgeadais, agus, dá bhrí sin, is é an deighleog é ina bhfuil an gá is mó le haghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa. Ar an dara dul síos, más rud é go mbraitheann riosca creidmheasa na n-ionstraimí creidmheasa a eisítear go mór ar chumas an eisitheora féin fónamh a dhéanamh ar fhiacha, is uathúil an riosca creidmheasa maidir le hath-urrúsúcháin i gcoitinne le haghaidh gach idirbhirt. Mar sin, nuair a chruthaítear ath-urrúsúchán, níl baol mór ann eolas a chailleadh trí ghníomhaireacht rátála creidmheasa nua a fhruiliú. I bhfocail eile, cé nach bhfuil ach méid teoranta gníomhaireachtaí rátála creidmheasa gníomhach ar an margadh rátála creidmheasa d'ath-urrúsúcháin, tá an margadh sin ar oscailt níos nádúrtha don iomaíochas agus d'fhéadfadh sásra uainíochta a bheith ina spreagadh chun níos mó dinimice a chruthú ar an margadh sin. Ar deireadh, tá an margadh rátála creidmheasa chun ath-urrúsúcháin a rátáil faoi cheannas roinnt gníomhaireachtaí creidmheasa móra ach tá gníomhairí eile ann atá ag cur lena gcuid saineolais sa réimse sin.

(15) Ba cheart d'uainíocht rialta ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa a eisíonn rátálacha creidmheasa i leith ath-urrúsúchán tuilleadh éagsúlachta a thabhairt don mheasúnú acmhainneachta creidmheasa. Is é an toradh ba cheart a bheith ar iliomad tuairimí, dearcthaí agus modhanna éagsúla arna gcur i bhfeidhm ag gníomhaireachtaí rátálacha creidmheasa atá níos ilghnéithí a sholáthar, agus, i ndeireadh thiar thall, feabhas a theacht ar mheasúnuithe ar acmhainneacht creidmheasa ath-urrúsúchán. Ionas go bhféadfaidh tionchar a bheith ag éagsúlú den sórt sin agus ionas nach mbeidh tionscnóirí ná gníomhaireachtaí rátála creidmheasa bogásach, ní mór srian a chur leis an uastréimhse ina gceadófar don ghníomhaireacht rátála creidmheasa ath-urrúsúcháin ón tionscnóir céanna a rátáil chuig leibhéal lena rathófar measúnaithe rialta nua ar acmhainneacht creidmheasa. Ciallaíonn na fachtóirí sin, maraon leis an ngá atá ann leanúnachas cinnte an chur chuige i leith rátálacha creidmheasa go bhfuil tréimhse ceithre bliana ina tréimhse iomchuí. I gcás ina cheapfar ar a laghad ceithre ghníomhaireacht creidmheasa, beidh na cuspóirí i gcomhair sásra uainíochta bainte amach cheana féin agus mar sin níor cheart go mbeadh feidhm ag an gceanglas maidir le huainíocht. Chun iomaíochas ceart a áirithiú, níor cheart go mbeadh díolúine den sórt sin infheidhme ach amháin i gcás ina ndéanann ar a laghad ceithre cinn de na gníomhaireacht rátála creidmheasa arna gceapadh rátáil ar chion áirithe de na hionstraimí airgeadais atá i lámha an tionscnóra.

(16) Is iomchuí sásra uainíochta le haghaidh ath-urrúsúchán timpeall ar thionscnóir. Déantar ath-urrúsúcháin a eisiúint ó aonán sainchuspóireach gan aon chumas suntasach an fiachas a sheirbhísiú. Dá bhrí sin, fágfadh sé sin an sásra neamhéifeachtach dá ndéanfaí uainíocht a struchtúrú timpeall ar an eisitheoir. Os a choinne sin, chiallódh uainíocht a struchtúrú timpeall ar an urraitheoir go mbeadh feidhm beagnach i gcónaí ag an díolúine sin.

(17) D'fhéadfadh sásra uainíochta a bheith ina uirlis thábhachtach chun bacannaí a ísliú chun iontráil ar an margadh rátála creidmheasa d'ath-urrúsúcháin. Ag an am céanna d'fhéadfadh sé é a dhéanamh níos deacra do ghníomhairí nua margaidh chun cosa a chur i dtaca sa mhargadh mar nach gceadófar dóibh ag cliaint a choinneáil. Is iomchuí mar sin díolúine a thabhairt isteach ón sásra uainíochta do ghníomhaireachtaí beaga rátála creidmheasa.

(18) Chun a bheith éifeachtach, is gá an sásra uainíochta a fhorghníomhú ar bhealach inchreidte. Ní chomhlíonfaí cuspóirí na gceanglas uainíochta dá mbeadh cead ag an ngníomhaireacht rátála atá ag imeacht ath-urrúsúcháin ón tionscnóir céanna a rátáil laistigh de thréimhse róghairid. Ar an ábhar sin tá sé tábhachtach foráil a dhéanamh maidir le tréimhse iomchuí nach bhféadfar an ghníomhaireacht rátála creidmheasa atá ag dul as

(40) Tá sé ríthábhachtach faisnéis iomchuí a bheith ag infheisteoirí chun acmhainneacht creidmheasa na mBallstát a mheasúnú. I gcreat an fhaireachais a dhéanann sé ar bheartais eacnamaíocha agus fhioscacha na mBallstát, déanann an Coimisiún sonraí a bhailiú agus a phróiseáil ar staid agus ar fheidhmíocht eacnamaíoch, airgeadais agus fhioscach na mBallstát go léir, a fhoilsíonn an Coimisiún an chuid is mó dóibh agus a d'fhéadfadh infheisteoirí a úsáid dá bhrí sin chun acmhainneacht creidmheasa féideartha na mBallstát a mheasúnú. I gcás inarb iomchuí agus i gcás ina mbeidh fáil air, agus faoi réir na rialacha ábhartha rúndachta is infheidhme i gcreat an fhaireachais a dhéanann sé ar bheartais eacnamaíocha agus fhioscacha na mBallstát, ba cheart don Choimisiún an tuairisciú atá déanta cheana ar fheidhmíocht eacnamaíoch na mBallstát a chomhlánú, le tosca nó táscairí breise féideartha, a d'fhéadfadh cuidiú le hinfheisteoirí meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa na mBallstát. Ba cheart na tosca sin a chur ar fáil don phobal, rud a chomhlánódh na foilseacháin atá ann cheana agus faisnéis eile arna nochtadh go poiblí, d'fhonn sonraí breise a chur ar fáil d'infheisteoirí chun cuidiú leo acmhainneacht creidmheasa eintiteas ceannasach agus a bhfaisnéis fiachais a mheasúnú. Agus é sin á chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann measúnú Eorpach ar acmhainneacht creidmheasa a fhorbairt, le go bhféadfadh infheisteoirí measúnú neamhchlaonta agus oibiachtúil a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa na mBallstát, agus aird á tabhairt ar an bhforbairt shonrach eacnamaíoch agus shóisialta. Más gá, ba cheart don Choimisiún tograí reachtacha iomchuí a chur isteach.

(41) Tá foráil déanta cheana sna rialacha atá ann faoi láthair maidir le rátálacha creidmheasa a fhógairt don eintiteas rátáilte 12 uair an chloig roimh a bhfoilsiú. Ionas nach dtarlóidh sé go dtabharfar fógra den sórt sin lasmuigh d'uaireanta an chloig oibre agus ionas go mbeidh a dhóthain ama ag an eintiteas rátáilte cruinneas na sonraí is bun leis an rátáil chreidmheasa a fhíorú, ba cheart fógra a thabhairt don eintiteas rátáilte lá oibre iomlán roimh fhoilsiú na rátála creidmheasa nó an tuair rátála. Maidir le liosta na ndaoine atá i dteideal fógra den sórt sin a fháil ba cheart dó a bheith srianta agus ba cheart don eintiteas rátáilte í a shainaithint go soiléir.

(42) I bhfianaise sainiúlachtaí rátálacha ceannasacha agus chun an baol luaineachta a laghdú, is iomchuí agus is comhréireach ceangal a chur ar ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa gan na rátálacha sin a fhoilsiú go dtí tar éis ama scoir ionad trádála atá bunaithe san Aontas agus ar a dhéanaí uair an chloig roimh dóibh oscailt. Ar an mbonn céanna, is iomchuí agus is comhréireach freisin go ndéanfadh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa ag deireadh mhí na Nollag féilire a fhoilsiú don chéad 12 mhí ina dhiaidh sin ina socrófaí na dátaí ar a ndéanfaí rátálacha ceannasacha a fhoilsiú agus ag freagairt dóibh siúd, na dátaí ar a ndéanfaí tuartha rátála gaolmhara a fhoilsiú i gcás inarb infheidhme é. Ba cheart na dátaí sin a shocrú ar Aoine. Níor cheart líon na bhfoilseachán san fhéilire a bheith srianta do idir dhá cheann agus trí cinn ach i gcás rátálacha ceannasacha gan iarraidh. I gcás inar gá sin chun a gcuid oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, ba cheart cead a bheith ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa imeacht óna bhféilire fógartha agus míniú mion a thabhairt ar na fáthanna a ndearnadh amhlaidh. Mar sin féin, níor cheart go dtarlódh imeacht den sórt sin ón bhféilire ar bhonn gnáthaimh.

(43) Ar bhonn fhorás an mhargaidh, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina bhfiosrófaí a iomchuí atá gníomhaireacht phoiblí Eorpach rátála creidmheasa agus bealaí chun tacú léi, a bheadh tiomnaithe do mheasúnú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa fhiachas ceannasach na mBallstát agus/nó fondúireacht rátála creidmheasa Eorpaí le haghaidh gach rátála creidmheasa eile. Más gá, ba cheart don Choimisiún tograí reachtacha iomchuí a thíolacadh.

(44) I bhfianaise sainiúlachtaí rátálacha ceannasacha agus chun an riosca maidir le héifeachtaí gabhála a sheachaint ar fud an Aontais, ba cheart cosc a chur ar ráitis ina bhfógraítear athbhreithniú ar ghrúpa tíortha ar leith mura ngabhann tuarascálacha tíre aonair leo. Thairis sin, chun bailíocht agus inrochtaineacht ar fhoinsí faisnéise a éascú arna n-úsáid ag gníomhaireachtaí rátála creidmheasa i dteachtaireachtaí poiblí ar athruithe féideartha ar rátálacha ceannasacha, seachas rátálacha creidmheasa, tuartha rátála agus preaseisiúintí atá ina dteannta, ba cheart do na teachtaireachtaí bheith bunaithe i gcónaí ar fhaisnéis atá i réimse an eintitis rátála, a nochtadh le toiliú ón eintiteas rátáilte mura rud é go bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil ó fhoinsí a bhfuil rochtain fhorleathan orthu. I gcás ina bhforáiltear sa chreat dlíthiúil lena rialaítear an t-eintiteas rátála nár cheart don eintiteas rátáilte an fhaisnéis sin a nochtadh, amhail i gcás faisnéis ón taobh istigh mar a shainítear i bpointe (1) d'Airteagal 1 de Threoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (drochúsáid mhargaidh) [1], ní mór nach dtabharfaidh an t-eintiteas rátála a thoiliú.

(45) Chun críche na trédhearcachta, agus a gcuid rátálacha ceannasacha á bhfoilsiú acu, ba cheart do ghníomhaireachtaí rátála creidmheasa míniú a thabhairt ina gcuid preaseisiúintí nó tuarascálacha ar na príomhthosca atá mar bhunús leis na rátálacha creidmheasa sin. Níor cheart, áfach, trédhearcacht rátálacha ceannasacha a

[1] IO L 96, 12.4.2003, lch. 16.

